# CLG i Meicsiceo

Eochairfhocail: comórtas idirnáisiúnta, Cumann Lúthchleas Gael, Meicsiceo, Spáinnis, ócáid, ball

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt


**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cathain a bunaíodh an chéad chlub Chumann Lúthchleas Gael i gCathair Mheicsiceo?
2. Cad a reáchtálfaidh an club ag deireadh na míosa seo?
3. Cé mhéad ball atá ag an gclub faoi láthair?
4. Cén áit in Éirinn arb as do na deirfiúracha Tola agus Caoimhe Ní Shúilleabháin?
5. Cad é an rud is fearr le bheith ag imirt peile i Meicsiceo, dar le Caoimhe?
6. An bhfuil aon imreoirí áitiúla ag imirt le foireann na mban sa chlub?
7. Cén teanga a labhraítear nuair a bhíonn seisiúin traenála ar siúl ag foireann na mban sa chlub?
8. Cé mhéad foireann ó Stáit Aontaithe Mheiriceá a thiocfaidh go Cathair Mheicsiceo chun páirt a ghlacadh sa chomórtas?
9. Cén saghas ócáide a bheidh ann, dar leis an gclub?
10. An bhfuil aithne agat ar aon duine a d’imir peil nó iomáint nó camógaíocht le club Chumann Lúthchleas Gael thar sáile? Cá raibh an club sin lonnaithe agus cén t-ainm a bhí ar an glcub?



Foghlaim TG4


Gníomhaíocht Smaointeoireachta



**Féach ar an bhfíseán arís agus meaitseáil an uimhir leis an míniú ceart ó fhianaise na míre nuachta.**

| | |
|---|---|
| 1. dhá mhíle is a fiche trí | A. líon na mball baineann arb as Meicsiceo iad |
| 2. ocht déag daichead cúig | B. an dáta a chuirfear tús leis an gcomórtas peile i mí Mheán Fómhair |
| 3. seasca | C. cogadh ar siúl idir Meicsiceo agus Meiriceá |
| 4. fiche trí | D. líon iomlán na mball sa chlub |
| 5. beirt | E. líon na mball arb as Éirinn ó dhúchas iad |
| 6. fiche nó tríocha | F. an bhliain a bunaíodh an club |
| 7. an chéad (1) | G. líon na bhfoirne as Meiriceá a ghlacfaidh páirt sa chomórtas |
| 8. an seachtú lá is fiche | H. deirfiúracha as Corcaigh sa chlub |
| 9. ceithre | I. comórtas idirnáisiúnta peile i gCathair Mheicsiceo |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |




Foghlaim TG4

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta agus Labhartha:

**Seo a leanas dhá shliocht bheaga faoin gclub Los San Patricios i gCathair Mheicsiceo. Ag obair le do pháirtí ranga léadh duine díobh an chéad sliocht amach os ard a fhad is a bhreachfaidh an duine eile an méid a chloiseann sé/sí síos. Déan babhtáil maidir leis an dara sliocht.**

1. Bunaíodh club Chumann Lúthchleas Gael Los San Patricios sa bhliain dhá mhíle is a fiche trí. Tá Los San Patricios ar an gcéad chlub Chumann Lúthchleas Gael a bunaíodh i Meicsiceo. Is i gCathair Mheicsiceo atá an club lonnaithe. Is iad peil agus peil na mban na cluichí Gaelacha a imríonn an club. Reáchtálann an club seisiúin traenála ar bhonn rialta. Cuireann siad fáilte chroíúil roimh dhuine ar bith ar spéis leis nó léi peil Ghaelach a imirt. Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu i gCathair Mheicsiceo agus Meicsicigh atá ina mbaill den chlub. Tá an club ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas.

2. Beidh comórtas idirnáisiúnta peile á eagrú ag Los San Patricios ar an seachtú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair. Copa Azteca is ainm don chomórtas. Beidh sé ar siúl i gCathair Mheicsiceo. Tosóidh an comórtas ag a naoi a chlog ar maidin agus cuirfear deireadh leis ag a ceathair a chlog san iarnóin. Cluichí pheil na mban agus peile a bheidh á n-imirt. Cuirfear busanna ar fáil chun na himreoirí a thabhairt ó na hóstáin éagsúla go dtí an pháirc peile. Beidh cóisir ar siúl oíche Shathairn i ndiaidh an chomórtais. Comórtas beomhar, fuinniúil, spraíúil agus iomaíoch a bheidh ann, gan dabht.



Freagraí

1. Mí Eanáir 2023
2. An chéad chomórtas idirnáisiúnta caide/peile riamh i gCathair Mheicsiceo
3. 60
4. Cloch na Coillte, Corcaigh
5. An caidreamh idir na cailíní
6. Tá
7. Spáinnis
8. 4
9. Ócáid stairiúil

1. F. An bhliain a bunaíodh an club
2. C. Cogadh ar siúl idir Meicsiceo agus Meiriceá
3. D. Líon iomlán na mball sa chlub
4. A. Líon na mball baineann arb as Meicsiceo iad
5. H. Deirfiúracha as Corcaigh sa chlub
6. E. Líon na mball arb as Éirinn ó dhúchas iad
7. I. Comórtas idirnáisiúnta peile i gCathair Mheicsiceo
8. B. An dáta a chuirfear tús leis an gcomórtas peile i mí Mheán Fómhair
9. G. Líon na bhfoirne as Meiriceá a ghlacfaidh páirt sa chomórtas

